



**COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2008 (28.02)
(OR. fr)**

6970/08

**FRONT 28
VISA 72
COMIX 165**

TOGRA

ó:	An Coimisiún Eorpach
dar dáta:	26 Feabhra 2008
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [...] lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 maidir le húsáid an Chórais Faisnéise Víosáí (VIS) de réir Chód Teorainneacha Schengen

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo togra ón gCoimisiún, a cuireadh isteach le litir chlúdaigh ó Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir, chuig Javier SOLANA, An tArdúnai/Ardionadaí.

Faoi iamh: COIM(2008) 101 leagan deireanach



COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 22.2.2008
COIM(2008) 101 leagan deireanach
2008/0041 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

[...]

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 maidir le húsáid an Chórais Faisnéise
Víosáí (VIS) de réir Chód Teorainneacha Schengen**

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Déileálann an togra seo leis na leasuithe riachtanacha ar Chód Teorainneacha Schengen (SBC) chun úsáid éifeachtúil an Chórais Faisnéise Víosai (VIS) a áirithiú ag na teorainneacha seachtracha. Is é cuspóir an togra seo comhrialacha a leagan síos maidir leis an oibleagáid an VIS a úsáid ag na teorainneacha seachtracha agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhainistiú comhtháite teorainneacha an Aontais Eorpaigh amhlaidh.

- **Comhthéacs ginearálta**

Ar mhaithe le leagan síos na gcoinníollacha, na gcritéar agus na rialacha mionsonraithe a rialaíonn seiceálacha ag láithreacha trasnaithe ag teorainneacha seachtracha agus faireachán ag an teorainn sheachtrach, glacadh Cód an Chomhphobail maidir leis na rialacha a rialaíonn gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) an 15 Márta 2006. I gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Chód Teorainneacha Schengen, beidh gach náisiúnach tríú tír faoi réir seiceálacha críochnúla ag na teorainneacha seachtracha.

Tá Rialachán (CE) Uimh. xx/2008... maidir leis an gCóras Faisnéise Víosai (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS)¹ arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Tá togra curtha síos ag an gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasófar na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha (TCC) maidir le víosaí do phoist taidhleoireachta agus do phoist chonsalacha i ndáil leis an mbithmhéadracht a thabhairt isteach, lena n-áirítear forálacha maidir le glacadh agus próiseáil iarratas ar víosaí a eagrú².

Sainíonn Rialachán VIS cuspóir agus feidhmiúlachtaí an VIS agus na freagrachtaí as sin, cé go gcruthófar le leasú TCC an bunús dlí le go dtógfadh Ballstáit aitheantóirí bithmhéadracha éigeantacha ó iarratasóirí ar víosaí agus leagtar amach ann an fhéidearthacht go mbeadh comhoibriú i measc Ballstát, mar shampla trí bhíthin Ionaid Choiteanna Iarratais a chruthú.

De réir sprioc fhoriomlán an VIS feabhas a chur ar chur chun feidhme an chomhbheartais víosaí, is ceann de chuspóirí VIS é seiceálacha ag láithreacha trasnaithe ar theorainneacha seachtracha a éascú, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne na calaoise.

I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán VIS, tá rochtain ag gardaí teorann ar an VIS chun cuardach a dhéanamh chun na críche fíorú a dhéanamh trí bhíthin uimhir an ghreamáin víosa i gcomhar le méarloirg shealbhóir an víosa. Ar feadh uastréimhse trí bliana tar éis dul i mbun oibríochtaí, is féidir an cuardach a dhéanamh trí bhíthin uimhir an ghreamáin víosa amháin. Féadfar an tréimhse trí bliana a ghiorrú i gcás aertheorainneacha.

Ar mhaithe le héifeachtacht na seiceálacha ag an teorainn sheachtrach, tá úsáid an VIS rithabhachtach. Ní féidir ach le seiceáil bhithmhéadrach amháin a dhearbhu go cinnte gurb ionann an duine ar mian leis teacht isteach i limistéar Schengen agus an duine ar eisíodh an

¹ IO [...], [...], lch [...].

² COIM(2006) 269 críochnaitheach.

víosa dó. Dá bhrí sin, ba chóir an VIS a cheadú go córasach, lena n-áirítear seiceáil bhitmhéadrach a dhéanadh na gardaí teorann, i gcomhair gach sealbhóra víosa.

Mar sin féin, níl forálacha maidir leis an oibleagáid an VIS a úsáid ag na teorainneacha seachtracha i Rialachán VIS, agus ní féidir leo bheith ann. Dá bhrí sin, is é aidhm an togra seo Rialachán VIS a chomhlánú trí bhíthin comhrialacha a chruthú chuige seo trí leasú Chód Theorainneacha Schengen chun a áirithiú go n-úsáidfear an VIS ar bhonn éifeachtach agus comhchuibhithe ag na teorainneacha seachtracha. Gan comhchóras a bheith ann, d'fhéadfadh inimirceigh neamhdhlíthiúla agus coirpigh teacht i dtír ar na láithreacha trasnaithe teorann sin nach bhfuil an VIS in úsáid go córasach acu.

Is réamhriachtanas é go gceadófar an VIS go córasach ag na teorainneacha seachtracha chun breis solúbthachta a chur ar fáil ag an am a ndéantar an t-iarratas ar víosa: foráiltear le togra thuasluaite an Choimisiúin lena leasaítear TCC, i gcás ina ndéantar sraith iarratas laistigh de thréimhse 48 mí, gur féidir sonraí bithmhéadracha a athúsáid agus a chóipeáil ón iarratas roimhe sin atá stóráilte sa VIS. Coinneofar leis sin an tsolúbthacht a bhaineann le hiarratasóirí bona fide a dhíolmhú ón oibleagáid a bheith i láthair go pearsanta ag an gconsalacht. Ba é an tuiscint a bhí taobh thiar den riail seo go seiceálfaí gach sealbhóir víosa ag na teorainneacha seachtracha, rud a áiritheodh go n-aimseofaí aon mhí-úsáid víosaí a d'fhéadfaí a bhaint as na víosaí. Mura n-úsáidtear an VIS go córasach ag na teorainneacha seachtracha, níor mhór sonraí bithmhéadracha a ghabháil ag an gconsalacht gach uair a dhéanfaí iarratas nua ar víosa.

Imlonnú réigiúnach sna consalachtaí de réir a chéile

In Airteagal 48 de Rialachán VIS foráiltear don sásra le haghaidh imlonnú réigiúnach an VIS sna consalachtaí de réir a chéile. I gcomhréir le conclúidí na Comhairle an 2 Nollaig 2005, ba chóir tús a chur le himlonnú an VIS sna poist chonsalacha i réigiúin san Aifric Thuaidh agus sa Neasoirtheor. Tar éis tús a bheith curtha leis an imlonnú, ní mór do na consalachtaí sa chéad réigiún na sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán VIS, le haghaidh gach iarratais ar víosa sa chéad réigiún a bhailiú agus a tharchur chuig bunachar sonraí VIS. Cuimsíonn an fhaisnéis seo méarloirg na n-iarratasóirí víosaí freisin. Cinnfidh an Coimisiún an dáta óna mbeidh tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán VIS, lena n-áirítear méarloirg na n-iarratasóirí, éigeantach i ngach réigiún eile freisin.

Roimh an dáta sin, i ngach ceann de na réigiúin eile sin féadfaidh na Ballstáit tús a chur le bailiú na sonraí agus lena dtarchur chuig an VIS i gcomhréir le hAirteagal 48(3) de Rialachán VIS, trí bhíthin na sonraí alfa-uimhriúla agus na grianghraif ar a laghad a thaifeadadh mar a mhaítear in Airteagal 5(1)(a) agus (b) de Rialachán VIS.

De bharr an VIS a imlonnú de réir a chéile agus de bharr na féidearthachta dá dtagraítear in Airteagal 48(3) de Rialachán VIS, beidh na cineálacha víosaí seo a leanas i gcúrsaíocht:

- (a) víosaí arna n-eisiúint i réigiún a fholáionn úsáid éigeantach an VIS, lena n-áirítear méarloirg, dá bhrí sin, de ghnáth;
- (b) víosaí arna n-eisiúint i réigiún nach bhfuil tús curtha leis an imlonnú iontu go fóill, ach ina bhfuil Ballstát amháin nó roinnt Ballstát tar éis tús a a chur le sonraí a bhailiú agus a chur isteach sa VIS, lena n-áirítear méarloirg;
- (c) víosaí arna n-eisiúint i réigiún nach bhfuil tús curtha leis an imlonnú ann go fóill, ach ina bhfuil Ballstát amháin nó roinnt Ballstát tar éis tús a chur le sonraí a bhailiú agus

a chur isteach sa VIS, ach gan mhéarloirg (dá bhrí sin, sonraí alfa-uimhriúla agus grianghraf amháin);


- (d) víosaí arna n-eisiúint i réigiún nach bhfuil tús curtha leis an imlonnú ann go fóill ag Ballstáit nach bhfuil tús curtha acu leis na sonraí a bhailiú agus a chur isteach sa VIS;
- (e) víosaí arna n-eisiúint sula mbeidh feidhm ag Rialachán VIS.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeadh víosaí gan sonraí bithmhéadracha fós i gcúrsaíocht ar feadh tréimhse áirithe ama tar éis don imlonnú a bheith curtha i gcrích e.g. víosaí iliontrála a eisíodh roimh an dáta sin.

Úsáid an VIS ag na teorainneacha seachtracha

Léiríonn an tábla thíos an fhaisnéis atá ar fáil do na gardaí teorann agus an VIS á sheiceáil acu trí bhíthin uimhir an ghreamáin víosa a úsáid i gcomhar le fíorú méarlorg agus na gníomhaíochtaí le cur i gcrích.

ÚSÁID AN VIS AG NA TEORAINNACHA SEACHTRACHA TRÍ BHÍTHIN UIMHIR AN GHREAMÁIN VÍOSA A ÚSÁID I gCOMHAR LE FÍORÚ MÉARLORG




Úsáid an VIS ag na teorainneacha seachtracha – idirthréimhse agus eochracha cuardaigh

I rith na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 18(2) de Rialachán VIS tá dhá rogha ann chun an VIS a cheadú, le huimhir an ghreamáin víosa i gcomhar le fíorú mhéarloirg shealbhóir an víosa, nó i gcomhar le huimhir an ghreamáin víosa amháin. I gceachtar den dá chás cuirfear tús le ceadú an VIS i rith iontrála le huimhir an ghreamáin víosa ar a laghad.

Ní bheadh feidhm leis anguardach le huimhir an ghreamáin víosa i gcomhar le méarloirg, mura bhfuil aon mhéarloirg sa VIS a d'fheadfaí a chur i gcomparáid le méarloirg shealbhóir an víosa. Dá bhrí sin, i rith na hidirthréimhse ba chóir go dtabharfadh an VIS, go díreach i

ndiaidh na seiceála le huimhir an ghreamáin víosa, an fhaisnéis ní hamháin cé acu aatá faisnéis a bhaineann leis an víosa sa VIS nó nach bhfuil, ach go dtabharfadh sé an fhaisnéis freisin maidir le an bhfuil méarloirg stóráilte sa chomhad iarratais a bhaineann leis an víosa sin. Má tá sealbhóir an víosa díolmhaithe ó mhéarloirg a thabhairt i.e. taidhleoirí, páistí óga agus daoine a chaill a dhá lámh nó daoineach féidir méarlorgú a dhéanamh orthu go fisiciúil, níl na méarloirg sin ar fáil sa VIS. Sa chás sin, ba chóir go dtabharfadh an VIS an t-eolas ”níl na méarloirg sa VIS”³.

Léiríonn an tábla thíos an fhaisnéis atá ar fáil do na gardaí teorann agus an VIS á sheiceáil acu i rith na hidirthréimhse agus na gníomhaíochtaí le cur i gcrích.



Chun gur féidir leis an ngarda teorann a mheasúnú an bhfuil an duine ag comhall na gcoinníollacha iontrála, ní mór dó rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis iomlán faoin imlonnú agus faoi Bhallstáit úsáid a bhaint as tús a chur le hoibríochtaí an VIS go haontaobhach i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 48(3) de Rialachán VIS.

³ Cuireann na comharthaí athfhriotal in iúl nach fios foclaíocht bheacht na faisnéise fós atá a bheidh ar an scáileán.

Dá bharr sin, ní mór na fógraí i gcomhréir le hAirteagal 48(5) de Rialachán VIS (a fhoilseofar san Iris Oifigiúil), chomh maith leis an bhfaisnéis faoin úsáid a bhaineann Ballstáit as Airteagal 48(3), a chur ar fáil do na gardaí teorann Moltar go gcuirfear an fhaisnéis seo le harscríbhinn sa Practical Handbook for Border Guards (C(2006) 5186), atá le fáil ar CIRCA i bhfoirm leictreonach.

- **Forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha a rialaíonn gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen).

Rialachán (CE) Uimh. xx/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS).

2. COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhchomhairle leis na Ballstáit (de réir Mheitheal Teorainneacha na Comhairle) maidir leis an "VIS agus teorainneacha" agus maidir le húsáid éigeantach an VIS ag na teorainneacha seachtracha. De réir a bhfreagraí, ba chóir an VIS a úsáid ag láithreacha trasnaithe teorann agus ba chóir go mbeadh fáil ar léitheoirí bithmhéadracha; is é a bheadh i gceist go ndéanfaí seiceáil ar uimhir an ghreamáin víosa i gcomhar le seiceáil ar mhéarloirg shealbhóir an víosa.

Mheas Ballstáit go raibh úsáid an VIS ag na teorainneacha seachtracha indéanta agus riachtanach i ngach cás, lena n-áirítear leas a bhaint as an dá eochair chuardaigh (uimhir an ghreamáin víosa agus méarloirg). Chuir roinnt Ballstát ábhar amhrais in iúl, ámh, an bhféadfaí cuardaigh a dhéanamh ar mhodh tapa agus iontaofa, go háirithe agus gléasanna iniompartha in úsáid (e.g. i ngluaistéain nó ar thraenacha). De réir na tuairime sin, ní bheadh úsáid éigeantach an VIS indéanta ach amháin nuair a thacódh an fhorbairt theicneolaíoch go hiontaofa le húsáid gléasanna iniompartha agus cumas a bheith iontu sonraí a aistriú go tapa agus iad a fhíorú go hiontaofa.

Ar bhonn díospóireachtaí faoi Rialachán VIS leis an gComhairle agus leis an bParlaimint, agus ar bhonn an téacs chomhréitithe arna chomhaontú, tá an Coimisiún den tuairim gur chóir gurbh í an tuiscint a bhainfí as an gcomhréiteach gur chóir go mbeadh úsáid an VIS ag na teorainneacha seachtracha éigeantach, agus tar éis na hidirthréimhse gur chóir an dá eochair chuardaigh a úsáid. Is gá béim a leagan air go dtuairisceoidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 50(5) de Rialachán VIS, ar an dul chun cinn teicniúil a bheidh déanta maidir le húsáid méarlorg ag teorainneacha seachtracha agus ar an himpleacht a bhainfidh le fad ama na gcuardach agus uimhir an ghreamáin víosa a úsáid i gcomhar le fíorú mhéarloirg shealbhóir an víosa, lena n-áirítear an mbeidh tréimhse feithimh rófhada ag láithreacha trasnaithe teorann san fhad ama a meastar do chuardach den sórt sin.

- **Measúnú iarmharta**

Tá an measúnú iarmharta a rinneadh do Rialachán VIS bunaithe ar an gcinneadh go bhfuil na neamhéifeachtachtaí maidir le comhrac i gcoinne siopadóireacht víosaí agus i gcoinne na calaoise agus maidir leis na seiceálacha a dhéanamh ag cruthú neamhéifeachtachtaí i ndáil le slándáil inmheánach na mBallstát freisin. D'fhéadfadh coirpigh nó daoine a bhfuil amhras fúthu víosa a fháil nó an deis a fháil le húsáid a bhaint as víosa falsaithe agus iad ag teacht isteach i limistéar Schengen. I dtaca le daoine a bhaineann le sceimhlitheoireacht nó le coirpeacht eagraithe i gcuid mhór cásanna, ní bhíonn siad ag taisteal faoina gcéannacht féin ach athraíonn siad a sonraí pearsanta le gur dheacra iad a aithint. Maidir le seiceálacha teorann, is é conclúid an mheasúnaithe iarmharta go bhfuiltear ag súil le méadaithe an-suntasacha ar éifeachtúlacht na seiceálacha teorann sa VIS de bharr bithmhéadrachta. D'áiríteofaí le húsáid sonraí bithmhéadracha gurb ionann an duine atá ag taisteal leis an víosa agus an duine ar eisíodh an víosa dó, agus dhearbhoífaí céannacht an taistealaí dá réir sin.

Is réamhriachtanas na méaduithe an-suntasacha thuasluaite ar éifeachtúlacht na seiceálacha teorann go mbeadh an VIS in úsáid go córasach ag an líne thosaigh i rith seiceálacha teorann a dhéantar ag na teorainneacha seachtracha.

Is réamhriachtanas é fosta go gceadófar an VIS ag na teorainneacha seachtracha chun breis solúbthachta a chur ar fáil ag an am a ndéantar an t-iarratas ar víosa.

3. GNÉITHE DLÍTHIÚLA AN TOGRA

- **Achoimre ar na gníomhaíochtaí a bheidh beartaithe**

Tá faisnéis sa VIS a bhaineann leis na seiceálacha ag teorainneacha seachtracha. Chuige sin ní mór Rialachán VIS a chomhlánú trí bhithin rialacha maidir le húsáid an VIS ag na teorainneacha seachtracha a chur le Cód Teorainneacha Schengen.

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 62(2)(a) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh bunús dlí an Rialacháin seo, toisc go leasaítear Cód Teorainneacha Schengen leis an togra seo, cód atá bunaithe ar an Airteagal seo agus toisc go sonróidh sé a thuilleadh na bearta maidir le trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus forbrófar leis caighdeáin agus nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag Ballstáit agus seiceálacha á ndéanamh ar dhaoine ag teorainneacha den chineál sin.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Faoi Airteagal 62(2)(a) de Chonradh CE, tá sé de chumhacht ag an gComhphobal bearta a ghlacadh i ndáil le trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát. Is gá na forálacha Comhphobail seo maidir le trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát, Cód Teorainneacha Schengen, a oiriúnú chun bunú an VIS a chur san áireamh, toisc go bhfuil gá le córas coiteann chun rialacha comhchuibhithe a chruthú maidir le húsáid éigeantach an VIS ag na teorainneacha seachtracha.

Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóir an togra a bhaint amach go leordhóthanach.

- **Prionsabal na comhréireachta**

De réir Airteagal 5 de Chonradh CE maítear nach rachaidh gníomhaíocht an Chomhphobail thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Chonartha seo a bhaint amach. An fhoirm a roghnófaí don ghníomhaíocht Chomhphobail seo, ní mór go gcuirfeadh sí ar chumas an togra a chuspóirí a bhaint amach agus a bheith curtha chun feidhme ar shlí chomh héifeachtach agus is féidir. Is forbairt sa bhreis é an tionscnamh a bheidh beartaithe – leasú Chód Teorainneacha Schengen – ar an acquis Schengen chun a áirithiú go gcuirtear comhrialacha i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna sna Ballstáit Schengen go léir. Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

- **Rogha Ionstraime**

Ionstraimí beartaithe: Rialachán.

Ní bheadh modhanna eile leormhaith ar an gcúis / ar na cúiseanna seo a leanas.

Leasaítear Rialachán leis an togra seo. Thairis sin, ba chóir go mbeadh úsáid an VIS ag na teorainneacha seachtracha éigeantach agus, dá bhrí sin, ní féidir ach Rialachán a roghnú mar ionstraim dlí.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Ní chuirfidh an togra seo isteach ar Bhuiséad an Chomhphobail.

5. FAISNÉIS BHREISE

- **Rannpháirtíocht**

Cuireann an togra seo le acquis Schengen. Dá bhrí sin, ní mór na hiarmhairtí seo a leanas i ndáil leis na prótacail éagsúla a bhreithniú:

An Íoslainn agus an Iorua:

Tá na nósanna imeachta arna leagan síos sa Chomhaontú Comhlachais arna thabhairt chun críche ag an gComhairle agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin i gcur chun feidhme, i gcur i bhfeidhm agus i bhforbairt acquis Schengen, ós rud é go gcuireann an togra seo le acquis Schengen mar a shainítear in Iarscríbhinn A den Chomhaontú seo.

An Danmhairg:

De bhun an Phrótacail maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an CAE agus le Conradh CE, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus, dá réir sin, ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é gur gníomh é an Rialachán ag a bhfuil sé d'aidhm cur le acquis Schengen i gcomhréir le forálacha Theideal IV de Chonradh CE, tá feidhm ag Airteagal 5 den Phrótacal thuasluaite.

An Ríocht Aontaithe agus Éire:

I gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 den Phrótacal lena gcomhtháthaítear an acquis Schengen le creat an Aontais Eorpaigh agus le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, agus Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen, ní ghlacann an Ríocht Aontaithe agus Éire páirt i Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 (Cód Teorainneacha Schengen) agus i Rialachán (CE) Uimh. xx/2008 (Rialachán VIS). Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach i nglacadh na Rialachán seo agus ní bheidh siad faoi cheangal acu ná ní bheidh siad faoi réir a gcur i bhfeidhm.

An Eilvéis:

Is forbairt atá sa Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a shínigh an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas na Cónaidhme i gcur chun feidhme, i gcur i bhfeidhm agus i bhforbairt acquis Schengen a thagann faoin ábhar dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach forálacha áirithe den Chomhaontú seo.

Ballstáit nua:

Ós rud é gur gníomh atá sa VIS lena gcuirtear le acquis Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile aige leis de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005, freisin ní infheidhme i mBallstáit nua a bheidh an Rialachán seo lena bhforáiltear d'úsáid an VIS ag teorainneacha seachtracha ach amháin de bhun cinnidh ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir leis an bhforáil seo.

- **Míniú mionsonraithe ar an togra de réir Airteagal**

Airteagal 1

Leagtar síos in Airteagal 1 úsáid an VIS le haghaidh (1) seiceálacha iontrála, (2) seiceálacha fágála agus (3) céannú.

Sa chéad mhír foráiltear do cheadú éigeantach an VIS le haghaidh fíorú i rith iontrála, má tá an náisiúnach tríú tír i seilbh víosa dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) de Chód Teorainneacha Schengen.

Sainítear sa dara agus sa tríú mír úsáid roghnach an VIS; le haghaidh fíorú i rith seiceálacha fágála agus le haghaidh céannú i rith seiceálacha iontrála agus fágála. Ba chóir an fíorú agus an céannú seo a dhéanamh nuair is iomchuí agus is infheidhme i gcomhréir le hAirteagail 18 agus 20 de Rialachán VIS, agus go háirithe nuair a bhítear in amhras an bhfuil víosa fíor nó bailí.

Airteagal 2

Leagtar síos in Airteagal 2 na rialacha maidir le cathain ba chóir tús a chur leis an VIS a cheadú ag na teorainneacha seachtracha.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

[...]

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 maidir le húsáid an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) de réir Chód Teorainneacha Schengen

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 62(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha a rialaíonn gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)² leagtar síos na coinníollacha, na critéir agus na rialacha mionsonraithe a rialaíonn seiceálacha ag láithreacha trasnaithe teorann agus faireachán ag an teorainn, lena n-áirítear seiceáil i gCóras Faisnéise Schengen.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. xx/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an (dáta) maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS)³ a bhfuil sé d'aidhm aige feabhas a chur ar chomhbheartas víosaí a chur chun feidhme. Foráiltear leis freisin gurb iad cuspóirí an VIS go gcuirfear san áireamh seiceálacha a éascú ag láithreacha trasnaithe teorainneacha seachtracha agus an comhrac i gcoinne na calaoise.
- (3) Le Rialachán (CE) Uimh. xx/2008 [*Rialachán VIS*] leagtar síos critéir agus coinníollacha cuardaigh le go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla, chun seiceálacha a dhéanamh ag láithreacha trasnaithe teorainneacha seachtracha, ar shonraí chun céannacht sealbhóirí víosaí, barántúlacht víosaí a fhíorú agus chun a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh iontráil, agus chun duine ar bith a aimsiú nach gcomhlíonfaidh na coinníollacha le haghaidh iontráil, nó nach gcomhlíonann a

¹ IO C [...], [...], lch [...].

² IO L 105, 13.4.2006, lch 1.

³ IO [...], [...], lch [...].

thuilleadh na coinníollacha le haghaidh iontráil, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát.

- (4) Ó tharla nach féidir ach le seiceáil bithmhéadrach amháin a dhearbhu go cinnte gurb ionann duine ar mian leis teacht isteach i limistéar Schengen agus an duine ar eisíodh an víosa dó, ba cheart foráil a dhéanamh d'úsáid an VIS ag teorainneacha seachtracha.
- (5) Chun a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh iontráil a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 agus chun a gcúraimí a bhainistiú go rathúil, ba chóir go n-úsáidfeadh gardaí teorann an fhaisnéis riachtanach go léir atá ar fáil, lena n-áirítear an VIS a cheadú.
- (6) Chun nach mbeifí teacht timpeall ar láithreacha trasnaithe teorann ag a mbeadh an VIS in úsáid agus chun a éifeachtúlacht iomlán a ráthú, tá gá ar leith leis an VIS a úsáid ar bhonn comhchuibhithe nuair a dhéantar seiceálacha iontrála ag na teorainneacha seachtracha.
- (7) Ó tharla, i gcás ina ndéantar sraith iarratas laistigh de thréimhse [48] mí, gur cuí sonraí bithmhéadracha a athúsáid agus iad sin a chóipeáil ón gcéad iarratas sa VIS, ba cheart go gcaithfí an VIS a úsáid le haghaidh seiceálacha iontrála ag na teorainneacha seachtracha.
- (8) Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 a leasú dá réir sin.
- (9) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá á beartú, eadhon na rialacha is infheidhme a bhunú maidir le húsáid an VIS ag na teorainneacha seachtracha, a bhaint amach go leordhóthanach agus ó tharla gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (10) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear ann leis na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus a léirítear sa Choinbhinsiún Eorpach chun Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha chomh maith.
- (11) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is ionann an Rialachán seo agus forbairt ar fhóralacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin i gcur chun feidhme, i gcur i bhfeidhm agus i bhforbairt acquis Schengen⁴ a thagann faoin ábhar dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle⁵ maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin.
- (12) Maidir leis an Eilvéis, is ionann an Rialachán seo agus forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a síníodh idir an tAontas Eorpach, an

⁴ IO L 176, 10.7.1999, lch 36.

⁵ IO L 176, 10.7.1999, lch 31.

Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise i gcur chun feidhme, i gcur i bhfeidhm agus i bhforbairt acquis Schengen a thagann faoin ábhar dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE i gcomhar le hAirteagal 4(1) de Chinneadh 2004/849/CE⁶ ón gComhairle agus de Chinneadh 2004/860/CE ón gComhairle⁷.

- (13) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sé ina cheangal ar an Danmhairg ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm. Ó tharla go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen de bhua fhorálacha Theideal IV, i gCuid a Trí den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ba cheart don Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Phrótacal sin, a chinneadh laistigh de thréimhse sé mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh cibé acu a chuirfear chun feidhme ina dlí náisiúnta é nó nach gcuirfear.
- (14) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen⁸. Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (15) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen⁹. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (16) Gníomh atá sa Rialachán seo lena gcuirtear le acquis Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile aige leis de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasú

I Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 leasaítear Airteagal 7(3) mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

”(aa) má tá víosa dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) ina sheilbh ag náisiúnach an tríú tír, is é a bheidh sna seiceálacha críochnúla ar iontráil go bhfíorófar céannacht shealbhóir an víosa agus barántúlacht an víosa, trí bhíthin an Córas Faisnéise

⁶ IO L 368, 15.12.2004, lch 26.

⁷ IO L 370, 17.12.2004, lch 78.

⁸ IO L 131, 1.6.2000, lch 43.

⁹ IO L 64, 7.3.2002, lch 20.

Víosáí (VIS) a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. xx/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(*) IO [...], [...], lch [...].”

(2) cuirtear an abairt seo a leanas leis ag deireadh phointe (c)(i):

”féadfaidh sé go gceadófar an VIS san fhíorú sin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. xx/2008 ;”

(3) cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

”(d) chun duine ar bith a aimsiú nach gcomhlíonfaidh, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha le haghaidh iontráil, fanacht nó cónaí i gcóir na mBallstát, féadfar an VIS a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. xx/2008.”

Airteagal 2 *Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [DD/MM/YY] a bheidh ar an bhfichiú lá i ndiaidh an dáta dá dtagraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán (CE) Uimh. xx/2008.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...]

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
[...]

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[...]